2024/2609

8.10.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2609 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh naprópaimíde, piridibeine agus teabúifeinpiorad i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir le naprópaimíd ([2]), piridibein ([3]) agus teabúifeinpiorad ([4]), socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le linn an athbhreithnithe ar na MRLanna sin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, shainaithin an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') roinnt faisnéise faoi tháirgí áirithe mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. An fhaisnéis a bhí ar fáil, bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh. Luadh bearnaí sonraí in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin ina sonraítear an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.

(3) Maidir le naprópaimíd i dtorthaí citris, sútha talún agus torthaí cána nó ar na táirgí sin, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir lena cobhsaíocht stórála. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leormhaith ar an mbearna sonraí a sonraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([5]). Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna atá ann cheana a choinneáil ar bun agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) Maidir le naprópaimíd i bhfraocháin ghorma, mónóga, cuiríní (iad dubh, dearg agus bán), spíonáin (iad glas, dearg agus buí), mogóirí róis agus caora troim nó ar na táirgí sin, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le cobhsaíocht stórála. Mar sin féin, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le meitibileacht barr le haghaidh na dtáirgí sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo maidir le meitibileacht barr agus mhol sé do bhainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar na MRLanna atá sna táirgí sin nó ar na táirgí sin a laghdú go teorainn an chinnidh ('LOD'). Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh naprópaimíde a shocrú ag an LOD táirgeshonrach agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2020/770 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh míoclóbútainile, naprópaimíde agus sintifeine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 184, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/770/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/90 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh brómaconasóil, carbocsaine, ocsaíd feanbútaitine, feinpiorasaimín agus piridibeine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 22, 24.1.2019, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/90/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2017/693 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar le haghaidh déthreasanóil, clóirmeacuat agus teabúifeinpiorad i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 101, 13.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/693/oj).

([5]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, *'Evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for napropamide'* ('Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh naprópaimíde'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(7):8125).

(5) Maidir le naprópaimíd i luibheanna agus bláthanna inite nó ar luibheanna agus bláthanna inite, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le trialacha ar iarmhair. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo agus mhol sé do bhainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar na MRLanna atá sna táirgí sin nó ar na táirgí sin a laghdú go dtí an LOD. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh naprópaimíde a shocrú ag an LOD táirgeshonrach agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Maidir le naprópaimíd in insiltí luibhe ó bhláthanna, duilleoga agus luibheanna, fréamhacha, insiltí luibhe ó aon chuid eile den phlanda, agus spíosraí ó thorthaí nó ar na táirgí sin, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir leis an modh anailíse le haghaidh maitrísí ar deacair anailís a dhéanamh orthu. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, cé nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí sin, gur cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a choinneáil ar bun ós rud é go bhfuil siad ag an LOD cheana féin. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh naprópaimíde a choinneáil ar bun ag an LOD agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) Maidir le piridibein in úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna agus torthaí póma eile nó ar na táirgí sin, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le trialacha ar iarmhair. Mar sin féin, cuireadh isteach na sonraí faoi iarmhair nua maidir le piorraí agus úlla mar thaca le Dea-Chleachtais Talmhaíochta mhalartacha le haghaidh grúpa torthaí póma. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor ([6]) na trialacha ar iarmhair a soláthraíodh chun MRL níos ísle a dhíorthú le haghaidh an ghrúpa iomláin torthaí póma. Dá bhrí sin, maidir le torthaí póma, is iomchuí na MRLanna a shocrú ag an leibhéal a mhol an tÚdarás agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(8) Maidir le piridibein in aibreoga, péitseoga agus pónairí (a bhfuil faighneoga orthu), nó ar na táirgí sin, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le trialacha ar iarmhair. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo, agus mhol sé do bhainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a laghdú go dtí an LOD. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh piridibeine a shocrú ag an LOD táirgeshonrach agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(9) Maidir le piridibein i mbó-ainmhithe (matán, saill, an t-ae, an duán), caoirigh (matán, saill, an t-ae, an duán), gabhair (matán, saill, an t-ae, an duán), eachainmhithe (matán, saill, an t-ae, an duán) agus bainne (eallaigh, caorach, gabhair, capaill) nó ar na táirgí sin, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le cobhsaíocht stórála, staidéir bheathaithe agus modhanna anailíse. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leormhaith ar an mbearna sonraí a sonraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, maidir le bainne (eallaigh, caorach, gabhair, capaill), is iomchuí na MRLanna atá ag an LOD cheana a choinneáil ar bun agus ós rud é gur féidir LOD níos ísle de 0,01 mg/kg a bhaint amach anois le haghaidh bó-ainmhithe (matán, saill, an t-ae, an duán), caorach (matán, saill, an t-ae, an duán), gabhar (matán, saill, an t-ae, an duán), eachainmhithe (matán, saill, an t-ae, an duán) trí úsáid a bhaint as an modh anailíse a sholáthair an t-iarratasóir, is iomchuí an LOD atá ann faoi láthair de 0,05 mg/kg le haghaidh na dtáirgí sin a ísliú go dtí an LOD de 0,01 mg/kg, an LOD sin a shocrú agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(10) Maidir le teabúifeinpiorad in aibreoga, péitseoga, sméara dubha agus eithreoga nó ar na táirgí sin, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh maidir le trialacha ar iarmhair agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leormhaith ar an mbearna sonraí a sonraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([7]). Ar bhonn na dtrialacha ar iarmhair a soláthraíodh, mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana le haghaidh aibreog agus péitseog a laghdú agus na MRLanna le haghaidh sméara dubha agus eithreog a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, maidir le haibreoga agus péitseoga, is iomchuí na MRLanna a shocrú ag an leibhéal a mhol an tÚdarás agus na MRLanna le haghaidh sméara dubha agus eithreog a choinneáil ar bun agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

([6]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bi, *'Evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review and modification of the existing MRLs in pome fruits for pyridaben'* ('Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú ar na MRLanna de bhun Airteagal 12 agus modhnú ar na MRLanna atá ann cheana i dtorthaí póma le haghaidh piridibeine'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(4):7970).

([7]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, *'Evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for tebufenpyrad'* ('Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú ar na MRLanna de bhun Airteagal 12 le haghaidh teabúifeinpiorad'] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(2):7774).

(11) Maidir le teabúifeinpiorad i bpónairí (a bhfuil faighneoga orthu) agus leannlusanna nó ar na táirgí sin, níor chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí ar iarraidh maidir le trialacha ar iarmhair le haghaidh pónairí (a bhfuil faighneoga orthu) agus maidir le modhanna anailíse le haghaidh leannlusanna. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo, agus mhol sé do bhainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a laghdú go dtí an LOD. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh teabúifeinpiorad a shocrú ag an LOD táirgeshonrach agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(12) Maidir le teabúifeinpiorad i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch nó ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, seachas mil agus táirgí beachaireachta eile, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis a bhí in easnamh. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leormhaith ar an mbearna sonraí a sonraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí na MRLanna atá ann cheana le haghaidh teabúifeinpiorad a choinneáil ar bun agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(13) Maidir le teabúifeinpiorad i mil agus táirge beachaireachta eile nó ar na táirgí sin, níor chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis a bhí in easnamh isteach maidir le modhanna anailíse sonracha le haghaidh meala. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo, agus mhol sé an MRL atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, MRL atá ag an LOD. Dá bhrí sin, maidir leis na táirgí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh teabúifeinpiorad a choinneáil ar bun ag an LOD agus na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(14) Maidir le teabúifeinpiorad i bhfíonchaora boird nó ar fhíonchaora boird, chinn an tÚdarás nárbh fhéidir a chur as an áireamh go sárófaí an ghéardháileog thagartha leis an MRL atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, mhol na bainisteoirí riosca MRL níos ísle a shocrú le haghaidh fíonchaora boird, ar bhonn na nDea-Chleachtas Talmhaíochta ([8]) cúltaca nach bhfuil chomh criticiúil ná chomh sábháilte céanna. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL atá ann cheana le haghaidh teabúifeinpiorad a ísliú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(15) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir leis an ngá LODanna áirithe a oiriúnú. Tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid go gceadaítear LODanna níos ísle a shocrú le forbairtí teicniúla i gcás táirgí áirithe.

(16) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(18) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí atá curtha ar an margadh san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun. Is amhlaidh atá i gcás gach táirge seachas teabúifeinpiorad i bhfíonchaora boird nó ar fhíonchaora boird.

(19) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, *'Review of the existing maximum residue levels for tebufenpyrad according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005'* [Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh teabúifeinpiorad de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005'] (*EFSA Journal,* [Iris EFSA] 2016;14(4):4469).

Airteagal 2

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir le gach táirge atá curtha ar mhargadh an Aontais roimh an 28 Aibreán 2025 seachas maidir le teabúifeinpiorad i bhfíonchaora boird nó ar fhíonchaora boird.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh naprópaimíde, piridibeine agus teabúifeinpiorad:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Naprópaimíd (suim d'isiméirí)	Piridibein (F)	Teabúifein-piorad (F)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	**0,01** (*)		
0110000	**Torthaí citris**			0,6
0110010	Seadóga		0,5	
0110020	Oráistí		0,3	
0110030	Líomóidí		0,3	
0110040	Líomaí		0,3	
0110050	Mandairíní		0,3	
0110990	Eile (2)		0,3	
0120000	**Cnónna crann**		0,05	0,01 (*)
0120010	Almóinní			
0120020	Cnónna Brasaíleacha			
0120030	Cnónna caisiú			
0120040	Castáin			
0120050	Cnónna cócó			
0120060	Cnónna coill			
0120070	Macadaimia			
0120080	Cnónna peacáin			
0120090	Eithní cnónna péine			
0120100	Cnónna pistéise			
0120110	Gallchnónna			
0120990	Eile (2)			
0130000	**Torthaí póma**		**0,15**	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0130010	Úlla			0,3
0130020	Piorraí			0,3
0130030	Cainchí			0,8
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach			0,8
0130050	Locuatanna			0,8
0130990	Eile (2)			0,01 (*)
0140000	**Torthaí cloiche**		**0,01** (*)	
0140010	Aibreoga			**0,3**
0140020	Silíní (iad milis)			0,01 (*)
0140030	Péitseoga			**0,3**
0140040	Plumaí			0,2
0140990	Eile (2)			0,01 (*)
0150000	**Caora agus torthaí beaga**			
0151000	(a) **fíonchaora**		0,01 (*)	
0151010	Fíonchaora boird			**0,4**
0151020	Fíniúnacha coiteanna			0,6
0152000	(b) **sútha talún**		0,9	1
0153000	(c) **torthaí cána**		0,01 (*)	
0153010	Sméara dubha			0,05
0153020	Eithreoga			0,05
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)			0,15
0153990	Eile (2)			0,01 (*)
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		0,01 (*)	1,5
0154010	Fraocháin ghorma			
0154020	Mónóga			
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)			

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2609/oj

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)			
0154050	Mogóirí róis			
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)			
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil			
0154080	Caora troim			
0154990	Eile (2)			
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		0,01 (*)	0,01 (*)
0161000	(a) **craiceann inite**			
0161010	Dátaí			
0161020	Figí			
0161030	Ológa boird			
0161040	Cumcuait			
0161050	Torthaí réaltúla			
0161060	Dátphlumaí Seapánacha			
0161070	Plumaí láva			
0161990	Eile (2)			
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**			
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)			
0162020	Lítsíonna			
0162030	Páiseoga			
0162040	Piorraí deilgneacha			
0162050	Réalt-úlla			
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha			
0162990	Eile (2)			
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**			
0163010	Abhacáid			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0163020	Bananaí			
0163030	Mangónna			
0163040	Papánna			
0163050	Pomagránaití			
0163060	Céiriomoighe			
0163070	Guábhaí			
0163080	Anainn			
0163090	Torthaí aráin			
0163100	Duraígh			
0163110	Úlla deilgneacha			
0163990	Eile (2)			
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**			
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0211000	(a) **prátaí**			
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**			
0212010	Casabhaigh			
0212020	Prátaí milse			
0212030	Ionaim			
0212040	Ararút			
0212990	Eile (2)			
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**			
0213010	Meacain bhiatais			
0213020	Meacain dhearga			
0213030	Soiliriac/soilire tornapa			
0213040	Meacain ragaim			
0213050	Bliosáin ghréine			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0213060	Meacain bhána			
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg			
0213080	Raidisí			
0213090	Salsabh			
0213100	Svaeideanna			
0213110	Tornapaí			
0213990	Eile (2)			
0220000	**Glasraí bleibíní**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0220010	Gairleog			
0220020	Oinniúin			
0220030	Seallóidí			
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil			
0220990	Eile (2)			
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	0,01 (*)		
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**			
0231010	Trátaí		0,15	0,8
0231020	Piobair		0,3	0,01 (*)
0231030	Ubhthorthaí		0,15	0,8
0231040	Ocra		0,01 (*)	0,01 (*)
0231990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**		0,15	
0232010	Cúcamair			0,3
0232020	Gircíní			0,5
0232030	Cúirséid			0,3
0232990	Eile (2)			0,01 (*)
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		0,01 (*)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0233010	Mealbhacáin			0,3
0233020	Puimcíní			0,01 (*)
0233030	Mealbhacáin uisce			0,3
0233990	Eile (2)			0,01 (*)
0234000	(d) **arbhar milis**		0,01 (*)	0,01 (*)
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**		0,01 (*)	0,01 (*)
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**		0,01 (*)	0,01 (*)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	0,01 (*)		
0241010	Brocailí			
0241020	Cóilis			
0241990	Eile (2)			
0242000	(b) **praiseach chinn**	0,01 (*)		
0242010	Bachlóga Bruiséile			
0242020	Cabáistí cinn			
0242990	Eile (2)			
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	0,05 (*)		
0243010	Cabáistí Síneacha			
0243020	Cáil			
0243990	Eile (2)			
0244000	(d) **cálráibí**	0,05 (*)		
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**			
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**		0,01 (*)	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain	0,05		
0251020	Leitísí	0,01 (*)		
0251030	Searbháin muc	0,01 (*)		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	0,01 (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0251050	Biolair thalún	0,01 (*)		
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	0,05		
0251070	Mustard dearg	0,05		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	0,05		
0251990	Eile (2)	0,01 (*)		
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí			
0252020	Puirsleáin			
0252030	Seardas/duilleoga biatais			
0252990	Eile (2)			
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	**0,02** (*)	0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg			
0256020	Síobhas			
0256030	Duilleoga soilire			
0256040	Peirsil			
0256050	Sáiste			
0256060	Marós			
0256070	Tím			
0256080	Basal agus bláthanna inite			
0256090	Duilleog labhrais			
0256100	Dragan			
0256990	Eile (2)			
0260000	**Léagúim**	0,01 (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)			
0260020	Pónairí (gan faighneoga orthu)			
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)			
0260040	Piseanna (gan faighneoga orthu)			
0260050	Lintilí			
0260990	Eile (2)			
0270000	**Glasraí gais**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0270010	Lus súgach			
0270020	Cardúin			
0270030	Soilirí			
0270040	Finéal Fhlórans			
0270050	Bliosáin chruinne			
0270060	Cainneanna			
0270070	Biabhóg			
0270080	Péacáin bhambú			
0270090	Croíthe pailme			
0270990	Eile (2)			
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe			
0280020	Fungais fhiáine			
0280990	Caonaigh agus léicin			
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí			
0300020	Lintilí			
0300030	Piseanna			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní			
0300990	Eile (2)			
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**		0,01 (*)	
0401000	**Olashíolta**			
0401010	Ros lín	0,02		0,01 (*)
0401020	Piseanna talún	0,01 (*)		0,01 (*)
0401030	Síolta poipín	0,02		0,01 (*)
0401040	Síolta seasamain	0,02		0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine	0,02		0,01 (*)
0401060	Síolta ráibe	0,02		0,01 (*)
0401070	Pónairí soighe	0,02		0,01 (*)
0401080	Síolta mustaird	0,02		0,01 (*)
0401090	Síolta cadáis	0,02		0,05 (*)
0401100	Síolta puimcín	0,02		0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige	0,02		0,01 (*)
0401120	Síolta borráiste	0,02		0,01 (*)
0401130	Caimilín	0,02		0,01 (*)
0401140	Síolta cnáibe	0,02		0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,02		0,01 (*)
0401990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)
0402000	**Olathorthaí**	0,01 (*)		0,01 (*)
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola			
0402020	Eithní pailme ola			
0402030	Torthaí pailme oila			
0402040	Capac			
0402990	Eile (2)			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0500000	**GRÁNAIGH**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0500010	Eorna			
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile			
0500030	Arbhar Indiach/arbhar			
0500040	Muiléad coiteann			
0500050	Coirce			
0500060	Rís			
0500070	Seagal			
0500080	Sorgam			
0500090	Cruithneacht			
0500990	Eile (2)			
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0610000	**Taenna**			
0620000	**Pónairí caife**			
0630000	**Insiltí luibhe ó**			
0631000	(a) **bláthanna**			
0631010	Camán meall			
0631020	Roiseog			
0631030	Rós			
0631040	Seasmain			
0631050	Teile			
0631990	Eile (2)			
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**			
0632010	Sú talún			
0632020	Rooibos			
0632030	Maité			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0632990	Eile (2)			
0633000	(c) **fréamhacha**			
0633010	Caorthann corraigh			
0633020	Ginsing			
0633990	Eile (2)			
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**			
0640000	**Pónairí cócó**			
0650000	**Carúib**			
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)	0,05 (*)	**0,05** (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**			
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís			
0810020	Calaindí			
0810030	Soilire			
0810040	Lus an choire			
0810050	Cuimín			
0810060	Lus mín			
0810070	Finéal			
0810080	Feinigréag			
0810090	Noitmig			
0810990	Eile (2)			
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó			
0820020	Piobar Szechuan			
0820030	Cearbhas			
0820040	Cardamam			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0820050	Caor aitil			
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)			
0820070	Fanaile			
0820080	Tamarain			
0820990	Eile (2)			
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal			
0830990	Eile (2)			
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**			
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)			
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)			
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh			
0850020	Caprais			
0850990	Eile (2)			
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch			
0860990	Eile (2)			
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis			
0870990	Eile (2)			
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0900020	Cánaí siúcra			
0900030	Fréamhacha siocaire			
0900990	Eile (2)			
1000000	**TÁIRGÍ DE BUNADH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**			
1010000	**Tráchtearraí ó**	0,01 (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)
1011000	(a) **mucra**			
1011010	Matán			
1011020	Saill			
1011030	An t-ae			
1011040	An duán			
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1011990	Eile (2)			
1012000	(b) **bó-ainmhithe**			
1012010	Matán			
1012020	Saill			
1012030	An t-ae			
1012040	An duán			
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1012990	Eile (2)			
1013000	(c) **caoirigh**			
1013010	Matán			
1013020	Saill			
1013030	An t-ae			
1013040	An duán			
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1013990	Eile (2)			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1014000	(d) **gabhair**			
1014010	Matán			
1014020	Saill			
1014030	An t-ae			
1014040	An duán			
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1014990	Eile (2)			
1015000	(e) **eachainmhithe**			
1015010	Matán			
1015020	Saill			
1015030	An t-ae			
1015040	An duán			
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1015990	Eile (2)			
1016000	(f) **éanlaith chlóis**			
1016010	Matán			
1016020	Saill			
1016030	An t-ae			
1016040	An duán			
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1016990	Eile (2)			
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**			
1017010	Matán			
1017020	Saill			
1017030	An t-ae			
1017040	An duán			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1017990	Eile (2)			
1020000	**Bainne**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach			
1020020	Caoirigh			
1020030	Gabhair			
1020040	Capaill			
1020990	Eile (2)			
1030000	**Uibheacha éan**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1030010	An chearc			
1030020	Lacha			
1030030	Géanna			
1030040	Gearg			
1030990	Eile (2)			
1040000	**Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**			
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSÁIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**			
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**			

(*) íosteorainn an chinnidh anailísigh.
([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de bhunadh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I.
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Piridibein (F)
(F) Intuaslagtha i saill

Teabúifeinpiorad (F)
(F) Intuaslagtha i saill'